**Cuntas Leithreasa 2013**

# Vóta 10

# Oifig na gCoimisinéirí um Athchomhairc

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 10, ceanglaítear orm an Cuntas Leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa Chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2013 ar thuarastail agus ar chaiteachais Oifig na gCoimisnéirí Athchomhairc, lena n-áirítear seirbhísí áirithe eile riartha ag an Oifig sin.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2013, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear barrachas €30,510 a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid é den Chuntas seo an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta chomh maith leis na nótaí 1 go 5.

**Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta**

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le Cuntais Leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an Cuntas á ullmhú.

**Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais**

***Freagracht don Chóras Rialaithe Airgeadais Inmheánach***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá agam as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú ag an Oifig.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas féin mar Cheann Oifige. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile cé acu a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe airgeadais inmheánacha a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú a leanann ar aghaidh.

***Timpeallacht Rialaithe Airgeadais***

Bíonn Oifig na gCoimisinéirí Achomhairc ag brath cuid mhór ar na rialuithe a fheidhmíonn na Coimisinéirí Ioncaim a sholáthraíonn feidhm íocaíochta agus seirbhís chuntasaíochta don Oifig seo.

Deimhním go bhfuil comhaontú seirbhíse sínithe i bhfeidhm idir an Oifig seo agus Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim a leagann amach freagrachtaí an dá pháirtí do gach gnáthamh riaracháin agus cuntasaíochta.

Níl Coiste Iniúchta ag Oifig na gCoimisinéirí Achomhairc agus ní dhéanann an comhaontú idir an Oifig agus na Coimisinéirí Ioncaim soláthar do rochtain ar Choiste Iniúchta na gCoimisinéirí Ioncaim ag an Oifig. Dá mbeadh rochtain ag teastáil uaim, áfach, tuigim go n-éascófaí mé.

***Rialuithe Riaracháin agus Tuairisciú Bainistithe***

Deimhním go bhfuil creatlach gnáthamh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht bainistithe sinsearach
- athbhreithnithe rialta ag lucht bainistithe sinsearach a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha
- córais atá dírithe ar chinntiú shlándáil na gcóras TEC
- Cinntíonn an Oifig go gcuirtear béim chuí ar dhea-chleachtas maidir le ceannach agus go mbíonn nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha ar fad.

Ní chuimsíonn an córas bainistithe riosca atá ag na Coimisinéirí Ioncaim Oifig na gCoimisinéirí Achomhairc agus níl córas faoi leith bainistithe riosca ag an Oifig, ná ní bhíonn clár á chothabháil aige.

***Iniúchadh Inmheánach***

Deimhním go bhfuil comhaontú i bhfeidhm ag Oifig na gCoimisinéirí Achomhairc leis na Coimisinéirí a chuireann rochtain ar fáil don Oifig seo ar fheidhm iniúchta inmheánaigh na gCoimisinéirí Ioncaim; ar iarratas déanfaidh sí comhairle a thabhairt don Oifig seo faoi chaighdeáin roinne iniúchta inmheánaigh, cleachtais agus gnáthaimh san iniúchadh go ginearálta, agus forbairtí leanúnacha.

I 2013, ní dheachaigh an Oifig seo i gcomhairle le feidhm iniúchta inmheánaigh na gCoimisinéirí Ioncaim ná ní dhearna sí iarracht a gcuid comhairle a lorg.

**John O'Callaghan**
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig na gCoimisinéirí um Athchomhairc

28 Márta 2014

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
## Tuairisc le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

## Vóta 10 Oifig na gCoimisinéirí um Athchomhairc

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithghabhála do Votá 10 Oifig na gCoimisinéirí um Athchomhairc don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2013 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithghabhála.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithghabhála a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin ina hOifig agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithghabhála gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithghabhála, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar:

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithghabhála.

***Scóip an iniúchta***

Cuimsíonn iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais sin atá san áireamh sa chuntas agus measúnú maidir le ar comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *nGnáthamh Airgeadais Phoiblí*.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithghabhála saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithghabhála.

***Tuairim faoin gcuntas leithghabhála***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithghabhála go cuí fáltais agus caiteachas Votá 10 Oifig na gCoimisinéirí um Athchomhairc don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2013.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh leabhair chuí chuntais ag an Oifig na gCoimisinéirí um Athchomhairc. Réitíonn an cuntas leithghabhála leis na leabhair chuntais.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

27 Meitheamh 2014

# Vóta 10 Oifig na gCoimisinéirí um Athchomhairc
## Cuntas Leithreasa 2013

| | | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Suim soláthraithe sa mheastachán** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas cláir** | | | | |
| A | Éascú ar Achomhairc Chánach a Éisteacht | 474 | 443 | 478 |
| | **Ollchaiteachas** | **474** | **443** | **478** |
| | *Bain de* | | | |
| B | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **32** | **32** | **33** |
| | **Glanchaiteachas** | **442** | **411** | **445** |

**Farasbarr don ghéilliúint**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime faoi dhliteanas don ghéilliúint don Státchiste.

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Farasbarr le géilleadh | 30,510 | 32,335 |

**Anailís an chaiteachais riaracháin**

| | | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Suim soláthraithe sa mheastachán** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 405 | 390 | 425 |
| ii | Taisteal agus cothú | 19 | 30 | 12 |
| iii | Traenáil agus forbairt agus costais theagmhasacha | 28 | 14 | 25 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 10 | 6 | 6 |
| v | Trealamh Oifige agus seirbhísí IT seachtracha | 10 | 2 | 9 |
| vi | Costais áitribh oifige | 2 | 1 | 1 |
| | | 474 | 443 | 478 |

# Nótaí i leith an Chuntais Leithreasa

## 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2013

| | | 2013 | 2012 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Pá | | 390 | 425 |
| Caiteachas eile | | 53 | 53 |
| **Ollchaiteachas** | | **443** | **478** |
| *Bain de* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **32** | **33** |
| **Glanchaiteachas** | | **411** | **445** |
| **Athruithe maidir le sócmhainní caipitil** | | | |
| Airgead ar cheannacháin | — | | |
| Dímheas | 6 | | |
| | | 6 | 3 |
| **Athruithe maidir le glansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe deiridh | (9) | | |
| | | (9) | 10 |
| **Caiteachas díreach** | | **408** | **458** |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 248 | 246 |
| **Costas glan clár** | | **656** | **704** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar Sheirbhísí Gaolmhara

Tá méid an chaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na méideanna measta a leanas maidir le Vóta 10 a tabhaíodh in áit eile.

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | 248 | 246 |
| | **248** | **246** |

## 2 Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig 2013

| | Notá | 2013 €000 | 2012 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Caipitil** | 2.2 | 19 | 25 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Iarmhéid ag an bPámháistir Ginearálta | | 102 | 108 |
| Réamhíocaíochtaí | | 4 | 5 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **106** | **113** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Caiteachais fhabhraithe | | 1 | 11 |
| Vóta 9 Na Coimisinéiri Ioncaim | | 100 | 104 |
| Glandliteanas dlite don Státchiste | 2.3 | 2 | 4 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **103** | **119** |
| **Glansócmhainní/(dliteanais) reatha** | | **3** | **(6)** |
| **Glansócmhainní** | | **22** | **19** |
| **Léirithe ag:** | | | |
| **Cuntas Maoiniú Stáit** | 2.1 | **22** | **19** |

| **2.1 Cuntas Maoiniú Stáit** | **Notá** | | **2013** | **2012** |
|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | 19 | 32 |
| Eisíocaíochtaí as an Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 442 | | |
| Farasbarr le géilleadh | Cuntas | (31) | | |
| Vóta glan | | | 411 | 445 |
| Caiteachas (airgead tirim) tabhaíodh in áit eile | 1 | | 248 | 246 |
| Costas glan clár | 1 | | (656) | (704) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **22** | **19** |

## 2.2 Sócmhainní Caipitil

| | Feithiclí agus Trealamh | Trealamh Oifige | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Ollsócmhainní** | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2013 | 63 | 26 | 89 |
| Breiseanna | — | — | — |
| Diúscairtí | — | — | — |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2013 | 63 | 26 | 89 |
| **Dímheas Carntha** | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2013 | 42 | 22 | 64 |
| Dímheas don bhliain | 5 | 1 | 6 |
| Dímheas carnach ag 31 Nollaig 2013 | 47 | 23 | 70 |
| **Glansócmhainní caipitil ag 31 Nollaig 2013** | **16** | **3** | **19** |
| **Glansócmhainní caipitil ag 31 Nollaig 2012** | **21** | **4** | **25** |

## 2.3 Glandliteanas don Státchiste

| ag 31 Nollaig | 2013 €000 | 2012 €000 |
|---|---|---|
| Dílsithe barrachais le tabhairt suas | 31 | 32 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (29) | (28) |
| Glandliteanas dlite don Státchiste | 2 | 4 |

**Arna léiriú le:**

| | 2013 €000 | 2012 €000 |
|---|---|---|
| **Féichiúnaithe** | | |
| Iarmhéid Chuntais an Phámháistir Ghinearálta | 102 | 108 |
| | 102 | 108 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Vóta 9 Na Coimisinéiri Ioncaim | (100) | (104) |
| | 2 | 4 |

## 3 Caiteachas Cláir réir fo-mhírcheann

| | | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Suim soláthraithe sa mheastachán** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **A** | **Éascú ar Achomhairc Chánach a Éisteacht** | | | |
| A.1 | Riarachán - pá | 405 | 390 | 425 |
| A.2 | Riarachán - caiteachas eile | 69 | 53 | 53 |
| | | 474 | 443 | 478 |

## 4 Fáltais

| **4.1 Leithreasaí-i-gcabhair** | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|
| | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1. Fáltais ó laghdú a bhaineann le pinsean ar luach saothair | 32 | 32 | 33 |
| | 32 | 32 | 33 |

## 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

| | **2013** | **2012** |
|---|---|---|
| **Líon foirne** (comhionann le fostaithe lánaimsire) **ag deireadh na bliana** | 4 | 5 |

| | **2013** | **2012** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 377 | 409 |
| Liúntais agus ragobair | — | — |
| ÁSPC an Fhostóra | 13 | 16 |
| **Pá iomlán** | **390** | **425** |